



An Bhruiséal, 20 Márta 2023
(OR. en)

7604/23

COMPET 241
IND 127
MI 216
BETREG 2
DIGIT 44
ECOFIN 265
EDUC 100
ENER 139
ENV 272
POLCOM 50
RECH 100

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	17 Márta 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 168 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 168 final.

Faoi iamh: COM(2023) 168 final



An Bhruiséil, 16.3.2023
COM(2023) 168 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030

Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030

Is iad gnólachtaí na hEorpa a thiomáineann ár sochaí, ag cruthú fostaíochta, nuálaíochta agus rathúnais. Bunchoinníollacha is ea **iomaíochas agus táirgiúlacht** le go n-éireoidh le gnólachtaí; tá siad i gcroílár bheartas an Aontais le blianta fada.

I bhfianaise na ngéarchéimeanna a bhí ann i ndiaidh a chéile le déanaí, chuir an tAontas Eorpach freagairt chomhchoiteann chomhordaithe i bhfeidhm go tapa, rud a léiríonn gur mó ár neart le chéile ná suim iarrachtaí na mBallstát uile. Mar gheall ar an gcur isteach ar na slabhraí soláthair de dheasca phaindéim COVID agus na praghsanna fuinnimh atá ag méadú as cuimse i ndiaidh don Rúis gás a úsáid mar arm, tá samhail na hEorpa á triail. Cuireadh iallach orainn leis na dúshláin sin polasaithe eacnamaíocha agus tionsclaíocha dea-chruthaithe a choigeartú chun leanúint le rathúnas agus cobhsaíocht a sholáthar dár saoránaigh agus dár ngnólachtaí agus chun bheith mar mhórgníomhaí ar an leibhéal domhanda. Ach fós, ní chruthaítear geilleagar láidir a sheasfaidh an aimsir agus lena n-áiríteofar ár rathúnas agus ár ngiaráil dhomhanda le bainistíocht géarchéime. Ní féidir táirgiúlacht eacnamaíoch a chruthú trí bhearta frithghníomhacha amháin.

Tá an t-am ann anois le díriú ar iomaíochas fadtéarmach an Aontais i gcomhthéacs geopholaitiúil atá ag éirí níos dúshlánaí. Tá sé in **am breathnú níos faide ar aghaidh ná 2030**, an bhliain dár socraíodh formhór spriocanna beartais an Aontais.

Is é is aidhm don Teachtaireacht seo bonn eolais a chur faoi phlé Ceannairí maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht fhadtéarmach gheilleagar na hEorpa. Ní mór do na gnólachtaí Eorpacha cinneadh a dhéanamh maidir lena n-infheistíochtaí don todhchaí, i bhfianaise éiginnteachtaí, srianta soláthair agus iomaíocht nach mbíonn cóir i gcónaí.

Féadfaidh an tAontas Eorpach leas a bhaint as a chuid láidreachtaí agus níos mó a bhaint amach ná díreach iarracht a dhéanamh teacht suas le cúrsaí agus an bhearna fáis agus an nuálaíochta a dhúnadh. **Trí chreat AE réambhbreathnaitheach, dea-shainithe agus comhordaithe cothófar gnólachtaí rathúla, a bheidh ábalta dul san iomaíocht ar an margadh domhanda, ina mbeidh poist mhealltacha agus ina leagfar síos caighdeáin dhomhanda.** Chun geilleagar an Aontais a chur ar chonair fáis inbhuanaithe i ndiaidh 2030, ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit a áirithiú go gníomhach go ndéanfar feabhsuithe struchtúracha, bearta infheistíochta agus rialála dea-dhírthe ar nós na gceann a leagtar amach sa teachtaireacht seo. Tá sé in am anois oibriú ar bhealach difriúil, ag uair na cinniúna ar mhaithe le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais.

I. Iomaíochas an Aontais Eorpaigh sa lá atá inniu ann

Tá go leor ag an Aontas Eorpach le bheith bródúil as. Tá sé ar cheann de thrí mhór-réigiún eacnamaíocha an domhain, agus is ionann a thrádáil earraí agus seirbhísí leis an gcuid eile den domhan agus 16.2 %¹ de thrádáil an domhain, níos airde ná sciar AE27 de OTI an domhain: nearly 15%². Mar sin féin, nuair a bhreathnaítear níos mine air, léirítear go raibh an **meánfhás ar tháirgiúlacht san Aontas níos laige ná mar a bhí i ngeilleagair mhóra eile** ó lár na 1990í i leith, rud a bhfuil bearna atá ag méadú sna leibhéil táirgiúlachta mar thoradh

¹ [Ríomhanna an Bhainc Dhomhanda ar bhonn tháscairí na forbartha domhanda \(https://databank.worldbank.org/source/world-development-indicators\)](https://databank.worldbank.org/source/world-development-indicators)

² [Treoir Staidrimh Ard-Stiúrthóireacht na Trádála – Lúnasa 2022 \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/economy_finance/trends-in-trade)

air. Cuirtear tuilleadh brú air sin leis an hathrú déimeagrafach. Léiríonn anailísí nach bhfuil an tAontas ar comhchéim le codanna eile den domhan ach oiread maidir le roinnt teicneolaíochtaí trasnacha, agus tá sé chun deiridh i ngach ceann de na trí ghné – nuálaíocht, táirgeadh agus glacadh³ – agus ag cailleadh amach ar na forbairtí teicneolaíochta is déanaí lena n-éascaítear fás amach anseo.

Leis an dhá aistriú atá fréamhaithe sa Chomhaontú Glas don Eorpa⁴ agus sa Deacáid Dhigiteach⁵, **spreagtar fás agus nuachóiriú gheilleagar an Aontais**, rud a chuireann deiseanna nua gnó ar fáil agus a chuidíonn le buntáiste iomaíoch a fháil ar na margáí domhanda. Sa tréimhse 1990 go 2021, tá méadú níos mó ná 61 % tagtha ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh, agus tá laghdú 28 % tagtha ar astaíochtaí, agus mar sin is léir go bhfuil fás á dhíchúpláil ó astaíochtaí CO₂. Sa tionscal ard-digitithe beifear ábalta táirgí a tháirgeadh ar bhealach níos cliste, níos éifeachtaí, níos sábháilte agus níos glaine. Fásann táirgiúlacht na gcuideachtaí atá ag infheistiú cheana féin i nuálaíocht sonraibhunnaithe agus in anailísíocht sonraí thart ar 5 % -10 % níos gasta ná na cuideachtaí nach bhfuil ag infheistiú iontu sin⁶.

Chun an téarnamh iar-phaindéime a chothú, tá conair curtha ar bun ag an gCoimisiún chun **infheistiúchtaí agus athchóirithe** a chur chun cinn. Chomh maith leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, cuireann go leor de chlár an Aontais leis an dá aistriú agus, mar shampla, tá 35 % den chaiteachas foriomlán ó gach clár AE tiomnaithe do na cuspóirí aeráide a bhaint amach. Le **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais**⁷ le déanaí, thug an Coimisiún breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le go mbeidh an earnáil aeráidneodrachta iomaíoch sa mheántearma i gcónaí agus chuir sé i dtábhacht an gá atá le nósanna imeachta níos gasta agus níos simplí chun go n-éireoidh go maith leis an ngnó. Forbraíodh simpliú riaracháin agus ceadú cuíchóirithe le haghaidh úsáid foinsí inathnuaite, amhábhair chriticiúla agus monarú teicneolaíochtaí glan-nialasacha, agus scrúdófar iad maidir lena gcur chun feidhme ar bhonn níos leithne le himeacht ama. Rinneadh é sin ar bhealach spriocdhírthe, agus gan ardchaighdeán inbhuanaitheachta a chur i mbaol.

II. Borradh a chur faoin iomaíochas i ndiaidh 2030

Sa lá atá inniu ann, glactar go forleathan leis an **tsamhail Eorpach le haghaidh fás eacnamaíoch cuimsitheach, bunaithe ar iomaíochas inbhuanaithe, slándáil eacnamaíoch, trádáil agus uathriail straitéiseach oscailte agus iomaíocht chóir, mar fhoinsé rathúnais**.

Le hiomaíochas inbhuanaithe cuirtear le fás táirgiúlachta, le hinbhuanaitheacht comhshaoil, le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus le cothroime mhaicreacnamaíoch. Is éard atá i gceist le slándáil eacnamaíoch ná cumas gheilleagar an Aontais Eorpaigh suaití a sheasamh agus a leasanna féin a chosaint, agus sin a bhuí le slabhraí soláthair athléimneacha agus éagsúlaithe

³ Is iad sin uathoibriú an chéad leibhéal eile, toadhchá na nascachta, bonneagar dáilte, ríomhaireacht den chéad ghlúin eile, IS feidhmeach, toadhchá an ríomhchlárúcháin, ailtireacht iontaoibhe, bithréabhlóid. *The EU leads in the production and adoption of next-generation materials and in clean tech* [Tá an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta i dtáirgeadh agus glacadh ábhar den chéad ghlúin eile agus ar an teicneolaíocht ghlan]. Foinse: McKinsey [securing-europes-competitiveness-addressing-its-technology-gap-september-2022.pdf](https://www.mckinsey.com/sectors/europe/insights/securing-europes-competitiveness-addressing-its-technology-gap-september-2022) ([mckinsey.com](https://www.mckinsey.com))

⁴ COM(2019) 640 final

⁵ COM(2021) 118 final

⁶ ECFE (2015). *Data-driven innovation: big data for growth and well-being* [Nuálaíocht shonraibhunnaithe: olltíomsú sonraí le haghaidh fáis agus folláine], Foilsitheoireacht ECFE, Páras.

⁷ COM(2023) 62 final

agus lena ghnólachtaí atá ag feidhmiú go maith. Trí uathriail straitéiseach oscailte leanúint, gabhann an tAontas Eorpach air féin an trádáil a oscailt, agus é fós freagrach as domhan níos inbhuanaithe agus níos cothroime a mhúnlú, a chumais féin a fhorbairt chun athléimneacht a mhéadú agus seasamh i gcoinne cleachtais chomhéigneacha agus éagóracha.


Tá ceachtanna le foghlaim ó stair an Aontais Eorpaigh. Le cláir agus athchóirithe leathana ar leibhéal an phobail lenar bhain gné shoiléir iomaíochais, amhail an *Comhbheartas Tráchtála* sna 1950í, agus *Clár an Mhargaidh Aonair* sna 1980í, cuireadh borradh faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch agus faoi tháirgiúlacht. **Le gníomhaíocht choiteann níos láidre ar leibhéal an Aontais, is féidir rathúnas agus táirgiúlacht a spreagadh arís sa lá atá inniu ann.**

Is lenár gcóras Eorpach um chearta agus luachanna a mhealltar daoine aonair agus gnólachtaí chuig an Aontas, bunaithe ar shamhail láidir shóisialta Eorpach ina bhfuil **comhdheiseanna do chách** agus ar gheilleagar margaidh, agus ní fhágtar aon duine ar lár. Tá an tAontas i gceannas ar fhorhór ghnéithe an chuimsithe shóisialta⁸, le tacaíocht ó Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Institiúidí láidre, creat cobhsaí macra-eacnamaíoch lena n-áirítear margadh saothair a fheidhmíonn go maith, staid inbhuanaitheachta fiachais agus beartas atá dírithe ar phraghsanna a chobhsú, beidh siad sin ina dtosca ratha d'iomaíochas an Aontais i gcónaí. Leis an smacht reachta, ráthaítear cearta bunúsacha agus tacaítear le timpeallacht ghnó chobhsaí intuartha a thacaíocht le hinfheistíocht ina dtugtar ceart ráthaithe chun sásaimh. Mar an gcéanna, tá bonneagar agus caipiteal daonna ardchaighdeán agus lucht saothair léannta agus oilte i measc acmhainní an Aontais.

Laistigh den **Seimeastar Eorpach**, leanfaidh an Coimisiún le hanailís a sholáthar agus le moltaí tírshonracha a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar phríomhbhaic maidir le fás inbhuanaithe agus cuimsitheach sna Ballstáit, agus áiríteofar leis sin móiminteam athchóirithe éifeachtach chun **na dálaí cearta chun iomaíochas agus táirgiúlacht a threisiú** a chur ar bun, lena n-áirítear maidir le beartais fhioscacha agus cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch.

Chun iomaíochas na hEorpa amach anseo a chothú, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún oibriú i gcomhar le naoi spreagthach lena n-athneartaítear a chéile. Mar aon leis na naoi spreagthach sin agus mar dhara céim gnímh, oibreoidh an Coimisiún go gníomhach **i dtreo creat rialála lena bhfeabhsaítear fás.**

⁸ Is ionann an éagothroime ioncaim mar a thomhaistear le hinnéacs Gini agus 30, i gcomparáid le 41 sna Stáit Aontaithe agus 39.7 sa tSín. Tá laghdú seasta á thaispeáint leis na treochtaí ar éagothroime ioncaim san iomlán [Scórchlár táscairí sóisialta – Colún Eorpach na gCeart Sóisialta – Eurostat \(europa.eu\)](#)



1. Margadh Aonair Feidhmiúil

Tá 23 mhiliún gnólacht a fhostaíonn beagnach 128 milliún duine sa Mhargadh Aonair agus cuireann sé le méadú struchtúrach de thart ar 9 % ar OTI an Aontais⁹. Tugann sé rochtain do ghnólachtaí ar bhonn custaiméirí ina bhfuil níos mó ná 440 milliún duine agus is é an bonn le fás thar theorainneacha agus barainneachtaí scála a dhéanamh.

Sa Teachtaireacht ‘Margadh Aonair ag 30’¹⁰, breathnaítear ar a bhfuil bainte amach aige agus ar an acmhainneacht atá aige, agus léirítear cá háit ar féidir níos mó a dhéanamh chun fáil réidh le bacainní agus chun an Margadh Aonair a neartú.

Gan aon amhras, is é an Margadh Aonair croílár iomaíochas an Aontais Eorpaigh agus is mar sin mar a bheidh amach anseo. Is mar gheall ar an Margadh Aonair atá ceithre shaoirse bhunúsacha an Chonartha ann.

Tugtar tús áit i gcónaí do chothroime iomaíochta sa Mhargadh Aonair agus ar fud an domhain. I gcás gnólachtaí, is é an Margadh Aonair an phríomhuirlis fáis, táirgiúlachta agus iomaíochais. I gcás tomhaltóirí ar fud an domhain, is foinse iontaoibhe é go bhfuil na táirgí a cheannaítear san Aontas sábháilte agus ar ardchaighdeán agus go dtáirgtear iad i ndáil le

⁹ [Bacainní dlíthiúla ar rialacha an mhargaidh aonair sna Ballstáit, an Roinn Beartais um an mBeartas Eacnamaíochta](#), um an mBeartas Eolaíochta agus um Beartas Cháilíocht na Beatha, an Ard-Stiúthóireacht um Bheartais Inmheánacha, Parlaimint na hEorpa, Samhain 2020

¹⁰ Cumarsáid An Margadh Aonair ag 30, COM(2023)162 final.

hardchaighdeáin saothair agus cosanta comhshaoil. Mar a leagtar amach sa ‘Mhargadh Aonair ag 30’, tá trasuí tráthúil dhlí an Aontais ríthábhachtach lena áirithiú go mbainfear na héifeachtaí atá beartaithe le reachtaíocht an Mhargaidh Aonair amach.

Ní mór go mbeidh beartas láidir iomaíochta i gcoílár ár n-iarrachtaí i gcónaí. Tá sé ríthábhachtach maidir le nuálaíocht a sholáthar agus praghsanna a ísliú do thomhaltóirí an Aontais¹¹. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair lena gcumhdaítear níos mó ná 20 sraith de rialacha agus treoirlínte iomaíochta thar a chuid ionstraimí uile, agus forbairtí suntasacha na mblianta atá caite á gcur san áireamh, go háirithe digitiú agus bealaí nua chun earraí agus seirbhísí a thairiscint, agus chun cineál idirnasctha agus domhandaithe na malartuithe tráchtála a léiriú. Tá uirlisí nua tugtha isteach aige freisin chun cur i gcoinne bagairtí nua ar an iomaíocht. Áirithítear leis an nGníomh um Margaí Digiteacha nach saobhfaidh cuideachtaí ag a bhfuil ardáin mhóra iomaíochta chóir. Leis an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, cosnaítear an chothroime iomaíochta do gach cuideachta sa Mhargadh Aonair trí aghaidh a thabhairt ar shaobhadh a tharlaíonn mar gheall ar fóirdheontais eachtracha. I gcomhthrath leis sin, leanfaidh an Coimisiún le lánúsáid a bhaint as ionstraimí cosanta trádála agus as trádáil idirnáisiúnta atá bunaithe ar rialacha, i gcoinne cleachtais éagóracha trádála ar nós dumpála agus fóirdheontais shaobhacha.

Chun an Margadh Aonair a chomhtháthú a thuilleadh, mar a leagtar amach sa teachtaireacht ‘An Margadh Aonair ag 30’, ní mór fáil réidh le bacainní agus díriú ar roinnt earnálacha. Mar shampla, oibreoidh an Coimisiún chun prionsabal ‘na haonuaire’ a chur chun feidhme a thuilleadh, lena n-áirítear trí **ionaid ilfhreastail**, i réimsí amhail cánachas, custam, agus tuairisciú rialála¹². Ag breathnú chun cinn, tá acmhainneacht shuntasach ann chun an Margadh Aonair le haghaidh seirbhísí a fheabhsú agus a chomhlánú.

Is é leathnú agus neartú breise an Mhargaidh Aonair an beart is costéifeachtaí chun táirgiúlacht an Aontais a áirithiú. Tá méadú faoi dhó tagtha ar an leibhéal comhtháthaithe maidir le trádáil earraí agus seirbhísí le 30 bliain anuas, ach tá comhtháthú i réimse na seirbhísí, arb ionann é agus thart ar 70 % de OTI an Aontais Eorpaigh, fós i bhfad níos ísle ná an leibhéal le haghaidh earraí.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar an PTF seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Na sonraí is déanaí atá ar fáil
1 Comhtháthú sa Mhargadh Aonair (trádáil i gcomparáid le OTI)	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	Méadú	23.5 % le haghaidh earraí (2021) 6.75 % le haghaidh seirbhísí (2021)
2 Easnamh comhréireachta	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	0.5 %	1.3 % (2021)

¹¹ COM(2021) 713 final

¹² Tionscnaimh amhail an t-ionad ilfhreastail CBL don ríomhthráchtáil, a bhfuil feidhm aige ó bhí mhí Iúil 2021 ann; an togra le haghaidh Pointe Rochtana Aonair Eorpach (ESAP) chun feabhas a chur ar rochtain phoiblí ar fhaisnéis airgeadais agus inbhuanaitheachta eintiteas, faoi idirbheartaíocht (COM(2021) 723 final) nó an córas teicniúil aonuaire (OOTS) is féidir teacht air trí Thairseach Aonair Dhigiteach an Aontais.

2. Rochtain ar chaipiteal príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach

Is ionann infheistíocht phríobháideach agus níos mó ná 85 % den infheistíocht iomlán san Aontas¹³. Na hinfeistíochtaí is gá chun dlús a chur leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, athléimneacht a fheabhsú agus iomaíochas an Aontais a threisiú, ní foláir nó go dtiocfaidh siad ón earnáil phríobháideach go príomha. Ní leor méid agus doimhneacht reatha mhargaí caipitil an Aontais chun tacú le fás an Aontais amach anseo. Tá caipitliú stocmhargadh an Aontais níos lú ná leath de chaipitliú stocmhargadh na Stát Aontaithe, i gcéatadán OTI, agus níos ísle ná mar atá sa tSeapáin, sa tSín agus sa Ríocht Aontaithe. Ach, sábhálann muintir na hEorpa i bhfad níos mó ná muintir Mheiriceá.

Tá tionscal caipitil fiontair an Aontais 20 oiread níos lú ná tionscal caipitil fiontair na Stát Aontaithe¹⁴ agus tá formhór na n-infheistíochtaí caipitil fiontair comhchruinnithe i mbeagán Ballstát de chuid AE.

Teastaíonn rochtain éifeachtúil ar mhaoiniú ó gheilleagar iomaíoch. Cé go bhfuil ról ríthábhachtach ag an tacaíocht phoiblí mar chumasóir chun infheistíocht a spreagadh, tá maoiniú príobháideach suntasach riachtanach i bhfianaise fhíorscála na riachtanas. Cé go bhfuil feabhas suntasach tagtha ar rochtain ar airgeadas san Aontas le blianta beaga anuas, tá an caipiteal riosca (go háirithe caipiteal chun gnóilachtaí a fhás agus a mhéadú) gann i gcónaí.

Tá sé riachtanach go ndéanfaí **Aontas na Margaí Caipitil** a neartú chun go mbeidh teacht ar infheistíocht phríobháideach, foinsí maoiniúcháin a éagsúlú agus caipiteal a leithdháileadh go héifeachtúil ar fud an Aontais Eorpaigh. Trí na margaí caipitil a fhás agus trína gcomhtháthú trasteorann, cuirfear ar chumas cuideachtaí rochtain a fháil ar fhoinsí éagsúla maoiniúcháin agus deiseanna infheistíochta agus iad ag dul i mbun agus ag méadú san Eoraip. Thairis sin, ní mór don Aontas Eorpach ilroinnt a shárú chun infheistíochtaí trasteorann a éascú. Éilítear leis sin dlíthe dócmhainneachta níos ailínithe, rochtain shimplithe ar mhargaí caipitil, go háirithe i gcás cuideachtaí beaga, rannpháirtíocht níos cuimsithí infheisteoirí miondíola i margaí caipitil, bonneagar láidir margaidh, rochtain éasca ar fhaisnéis airgeadais agus maoirseacht níos comhtháite.

Tá an Coimisiún réidh lena thacaíocht iomlán a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle lena thograí a ghlacadh go tapa agus chun dlús a chur leis an leibhéal uailmhéine, anois agus amach anseo. Ba cheart gach togra faoi Phlean Gníomhaíochta an Aontais Margaí Caipitil a ghlacadh roimh dheireadh shainordú an Choimisiúin seo. Is mithid dúinn gníomhú anois.

¹³ Infheistíocht rialtais ghinearálta mar % d'iomlán an ollfhoirmithe caipitil sheasta. OTI agus infheistíocht i gcaiteachas de réir na hearnála – Sonraí ECFE.

¹⁴ Má dhéantar measúnú bunaithe ar shreafaí (2021; Foinse: InvestEurope don Aontas Eorpach; an Comhlachas Caipitil Fiontair Náisiúnta do Stáit Aontaithe Mheiriceá).

Tá sé ríthábhachtach freisin an tAontas Baincéireachta a thabhairt chun críche ar mhaithe le hiomaíochas gheilleagar an Aontais. Agus 75 % den iasacht chorparáideach á sholáthar ag bainc an Aontais Eorpaigh, tá Aontas Baincéireachta láidir ríthábhachtach le haghaidh na cobhsaíochta airgeadais. Fiosróidh an Coimisiún ráiteas an Ghrúpa Euro chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat um bainistíocht géarchéime bainc agus árachas taiscí¹⁵.

Ní ionann Aontas na Margaí Caipitil agus an tAontas Baincéireachta agus beartas earnála – tá siad ina mbonn faoi shláinte gheilleagar na hEorpa ar fad.

Tá **creat cánach an Aontais** ríthábhachtach freisin chun tacú le fás agus le hinfheistíocht phríobháideach, go háirithe trí fháil réidh le bacainní cánach ar infheistíocht trasteorann. Mar a fógraíodh, cuirfidh an Coimisiún tograí maidir le córas uile-Aontais ar aghaidh maidir le cáin shiarchoinneálach agus creat nua maidir le cánachas ioncaim do ghnólachtaí san Eoraip (BEFIT).

Tá athruithe suntasacha tagtha ar an **gcreat rialála do sheirbhísí airgeadais** ó bhí an géarchéim airgeadais ann chun cobhsaíocht a áirithiú agus margaí caipitil a chothú. Cé go gcuidíonn creat cobhsaí le timpeallacht atá fabhrach do lucht gnó agus le deimhneacht dhlíthiúil do na rannpháirtithe sa mhargadh, ba cheart go mbainfidh leas sa reachtaíocht um sheirbhísí airgeadais as na deiseanna a bhaineann le hathruithe nuálaíochta agus teicneolaíochta agus aghaidh á tabhairt ar rioscaí atá ag teacht chun cinn, i gcomhréir leis na straitéisí maidir le maoiniú digiteach agus maidir le híocaíochtaí miondíola¹⁶.

Tá an tAontas Eorpach tagtha chun cinn **mar cheannaire i gcúrsaí airgeadais inbhuanaithe ar bhonn idirnáisiúnta**. Oibríonn sé i dtreo cóineasú caighdeán tuairiscithe inbhuanaitheachta ar an leibhéal domhanda, go háirithe tríd an Ardán Idirnáisiúnta um Maoiniú Inbhuanaithe. Féachfaidh an Coimisiún le cur chun feidhme na n-oibleagáidí um nochtadh a chuíchóiriú a mhéid is féidir, agus uailmhian an Aontais i gcomhthéacs an aistrithe ghlais á coimeád aige agus treoir do chuideachtaí á soláthar aige¹⁷. Tá obair ar siúl ar mheasúnú cuimsitheach ar chur i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe.

Le cistí poiblí sil féadfar infheistíocht phríobháideach a ghíaráil agus a shlógadh. Tá breis agus 112 ‘ceintéir’¹⁸ agus níos mó ná 12 ‘aonbheannach’ soláthartha ag an gComhairle Nuálaíochta Eorpacha a bunaíodh faoi Chlár Fís Eorpach an Aontais Eorpaigh go dtí seo trí rochtain ar sheirbhísí airgeadais agus comhairleacha a éascú. Is é is aidhm don Chlár InvestEU maoiniú os cionn EUR 3 72 billiún a shlógadh, maoiniú príobháideach de chuid is mó, a dhíreofar ar réimsí tosaíochta agus d’oibrigh an Coimisiún le BEI agus le comhpháirtithe cur chun feidhme eile chun meascán táirgí a dhearadh a chomhfhreagraíonn do na riachtanais reatha, lena n-áirítear trí tháirgí tiomnaithe i gcaipiteal fiontair i gcuideachtaí atá ag tosú nó atá ag fás. Ach ní leor é sin chun freastal ar na riachtanais amach

¹⁵ [Ráiteas ón nGrúpa Euro maidir le todhchaí an Aontais Baincéireachta an 16 Meitheamh 2022 – Consilium \(europa.eu\)](#) [Ráiteas ón nGrúpa Euro maidir le todhchaí an Aontais Baincéireachta an 16 Meitheamh 2022 – Consilium \(europa.eu\)](#)

¹⁶ COM(2020) 591 final agus COM(2020) 592 final. Mar shampla, molfaidh an Coimisiún creat cumasúcháin ionas go bhféadfaidh an Banc Ceannais Eorpach euro digiteach a eisiúint.

¹⁷ Tá treoir soláthartha ag an gCoimisiún cheana maidir le hoibleagáidí um nochtadh, mar shampla maidir le Tacsanomaíocht, agus soláthróidh sé tuilleadh treorach maidir leis an Rialachán maidir le Nochtadh Airgeadais Inbhuanaithe roimh lár 2023

¹⁸ Is sonrúcháin iad ceintéir nó aonbheannaigh ionchasacha do ghnólachtaí nuathionscanta a bhfuil luachálacha os cionn EUR 1 00 milliún bainte amach acu. Is gnólachtaí nuathionscanta iad aonbheannaigh a bhfuil luacháil os cionn EUR 1 bhilliún bainte amach acu.

anseo. Dá bhrí sin, tá measúnú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an gcaoi a bhféadfaí an maoiniú foriomlán le haghaidh InvestEU a mhéadú, go háirithe le haghaidh na tréimhse 2024 go 2027. Ina theannta sin, bheadh ról mór ag baint le Ciste Ceannasachta Eorpach amach anseo maidir le hinfheistíocht phríobháideach a shlua-mhaoiniú i dteicneolaíochtaí criticiúla agus i dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn don aistriú glas agus don aistriú digiteach.

Tá infheistíocht phríobháideach láidir ina cruthúnas ar iontaoibh in iomaíochas na hEorpa. Le caipiteal fiontair comhlánaítear maoiniú baine le samhlacha maoiniúcháin níos éagsúlaithe do ghnólachtaí, go háirithe cuideachtaí nuálacha nua. Ní mór don Aontas dlús a chur lena chuid iarrachtaí chun deiseanna a chur ar fáil a bheidh ar comhchéim leis na geilleagair mhóra eile.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar na PTFanna seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
3	Glan-infheistíocht phríobháideach mar chuid de OTI	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	Méadú 3.2 % (2021) 2.6 % (2020)
4	Infheistíocht caipitil fiontair	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	Méadú 0.48 % (2021) 0.03 % (2018)

3. Infheistíocht phoiblí agus bonneagar

Tá infheistíocht phoiblí fíor-riachtanach chun iomaíochas a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i réimsí amhail taighde agus forbairt, oideachas agus cúram sláinte, chun Margadh Aonair dea-nasctha rianúil a chothú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar, agus maidir le héifeacht na tarraingthe isteach in infheistíocht phríobháideach. In 2022, ba é 3.2 % de OTI an méid a bhí i gceist le hinfheistíocht phoiblí san Aontas. In 2021, ba é 4.8 % de OTI an méid a bhí i gceist le caiteachas poiblí ar oideachas.

Le buiséid phoiblí an Aontais mar aon lena Bhallstáit, soláthraítear ardleibhéal seirbhísí poiblí agus bonneagair do shaoránaigh. Tá córais sláinte ardchaighdeán agus sochaí oile a bheidh ullmhaithe do dhúshlán amach anseo bunúsach d'athléimneacht ár ngeilleagar.

Cuireann an **Beartas Comhtháthaithe** go mór le hinfheistíocht phoiblí ar leibhéal an Aontais trí na tosaíochtaí Eorpacha comhaontaithe a sholáthar, rud a spreagann cóineasú agus athléimneacht eacnamaíoch. As seo amach, beidh na cistí comhtháthaithe fós ábhartha d'iomaíochas an Aontais, trí leas a bhaint as acmhainneacht gach réigiúin agus aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha.

Ní mór an creat Eorpach um rialachas eacnamaíoch a athchóiriú ar bhonn práinneach chun go mbeidh sraith rialacha fíoscacha de chuid an Aontais ann ina gcuirfean an fhírinne nua eacnamaíoch agus gheopholaitiúil san áireamh go hiomlán. Is é is aidhm do threoshuímh athchóirithe an Choimisiúin gealltanais fhíoscacha, athchóirithe agus infheistíochta gach Ballstáit a thabhairt le chéile laistigh de chreat coiteanna an Aontais. Leis na treochtaí fíoscacha tírshonracha chomh maith le gealltanais tosaíochta d'infheistíocht phoiblí agus athchóiriú le chéile áiríteofar fás inbhuanaithe agus cuimsitheach agus laghdú fiachais leanúnach agus de réir a chéile á áirithiú.

Tá sé rithábhachtach go soláthrófaí infheistíocht phoiblí leanúnach agus mhéadaitheach chun bonneagar dícharbónaithe ar mhórscaála a sholáthar. Tá gá le cumas méadaithe agus le nuachóiriú an **bhonneagair fuinnimh, iompair agus nascachta** ar fud an Aontais chun tacú le fás an tionscail agus chun lántairbhe a bhaint as deiseanna an Mhargaidh Aonair.

Tríd an **mbonneagar Eorpach iompair a nuachóiriú**, éascófar seirbhísí soghluaisteachta agus lóistíochta a bheidh aeráid-díonach, cliste, níos sábháilte agus níos éifeachtaí do shaoránaigh agus d'fhiontair. Tá nascacht rithábhachtach maidir le comhtháthú, agus níos tábhachtaí fós do na Ballstáit atá ar imeall an Mhargaidh Aonair. Ba cheart go mbeadh príomhról ag an Aontas i gcónaí maidir le cothroime iomaíochta san earnáil eitlíochta agus an earnáil mhuirí a chothú ar fud an domhain.

Maidir leis na bonneagair sin, agus maidir le fuinneamh, tá **tionscadail trasteorann agus iltíre** fíor-thábhachtach. Ní mór don Aontas agus do na Ballstáit digitú agus an próiseas rialála le haghaidh tionscadail bonneagair a shimpliú, a luathú agus a chomhchuíbhiú, go háirithe le haghaidh idirnáisc agus bacainní trasteorann.

Is cumasóir é an **spás** atá rithábhachtach anois maidir le dea-fheidhmiú maith ár ngeilleagar, agus maidir leis an **tslándaíl agus leis an gcosaint**. Tá sineirgí iomadúla ag an spás le hearnáil na cosanta¹⁹. Trí leas a bhaint as na sineirgí sin agus tionscnaimh shuaitheanta spáis an Aontais a chomhdhlúthú tuilleadh (Galileo, Copernicus agus IRIS), beidh an tAontas Eorpach ábalta a chuspóirí geopholaitiúla agus straitéiseacha a bhaint amach (e.g. cosaint teorann, slándaíl, bainistiú éigeandála, laghdú ar spleáchais), borradh a chur faoin nuálaíocht, agus feabhas a chur ar an bhfás eacnamaíoch Eorpach

Le **soláthar poiblí** féadfar na slabhraí soláthair a spreagadh tríd an éileamh a mhéadú. Má bhaintear úsáid as ar bhonn straitéiseach, ag díriú ní hamháin ar phraghas, féadfar slándaíl an tsoláthair, inbhuanaitheacht a chothú agus athléimneacht na n-éiceachóras tionsclaíoch a mhéadú. Céim sa treo sin is ea an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta²⁰. Ba cheart go n-éireodh sé níos éasca freisin do FBManna nuálacha inbhuanaithe nó do chuibhreannais ina gcuimsítear FBManna den sórt sin páirt a ghlacadh sa soláthar. Nuair is féidir, ba cheart tairiscintí a dhearadh sa dóigh gur féidir le FBManna páirt a ghlacadh iontu, lena n-áirítear i dtionscadail faoin Tairseach Dhomhanda.

Chun earraí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, agus chun slua-mhaoiniú infheistíochtaí príobháideacha a spreagadh, tá gá le leibhéal iomchuí infheistíochta poiblí. Le hairgeadas poiblí inbhuanaithe agus le fás féadfar an spás fioscach is gá a áirithiú.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar an PTF seo a leanas:

PTF	Foinse	Spríoc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
5	Infheistíocht phoiblí mar sciar de OTI	Bunachar sonraí AMECO	Méadú 3.2 % (2022)

4. Taighde agus Nuálaíocht

Baineann thart ar aon chúigiú de na foilseacháin, paitinní agus taighde agus nuálaíocht is mó a luaitear ar domhan leis an Aontas Eorpach, ina bhfuil níos lú ná 7 % de dhaonra an domhain.

¹⁹ Straitéis Spáis an Aontais Eorpaigh don tSlándaíl agus don Chosaint (JOIN 2023)9

²⁰ COM(2023) 161 final

Infheistíonn an tAontas Eorpach thart ar EUR 3 30 billiún in aghaidh na bliana i dtaighde agus i nuálaíocht faoi láthair, arb ionann é agus 2.26 % dá OTI.

In 2021, bhain 73.6 % den infheistíocht chorparáideach T&F san Aontas le trí phríomhearnáil: Gluaisteán (31.3 %), táirgeoirí agus seirbhísí TFC (22.6 %), agus tionscail sláinte (19.9 %)²¹.

In 2021, bhí 69 n-aonbheannach san Aontas i gcomparáid le 169 gcinn sa tSín agus 470 i Stát Aontaithe Mheiriceá²².

Mhéadaigh déine infheistíochta T&F an Aontais ó 1.8 % de OTI go 2.3 % de OTI thar 2000-2020²³, ach tá sé fós faoi bhun dhéine infheistíochta T&F na Stát Aontaithe (3.5 %), na Seapáine (3.37 %), agus na Cóiré Theas (4.8 %) 2021²⁴.

Tá an Eoraip fós ina lárionad cumhachta eolaíoch agus tá feabhas tagtha ar chomhordú an taighde ar bhonn tosaíochtaí coiteanna san Aontas. Fós féin, i gcomparáid lena hiomaitheoirí, ní dhéanann an Eoraip go leor infheistíochta i dtaighde agus i nuálaíocht. **Trí infheistíocht sa nuálaíocht a dhéanann inniu cuirfear feabhas ar an iomaíochas amach anseo.** Ionas go mbeidh tionscal an Aontais iomaíoch i gcónaí, ní mór dlús a chur le luas na nuálaíochta, go háirithe don aistriú glas agus don aistriú digiteach agus do na hearnálacha a bhfuil geilleagar agus sochaí na todhchaí á múnú acu freisin. Cuireann an tAontas agus na Ballstáit cistí suntasacha ar fáil. Mar sin féin, tá caiteachas príobháideach ar T&F íseal go maith i gcomparáid le piaraí an Aontais ar fud an domhain. Ní mór do mhaoiniú príobháideach ar scála níos mó sreabhadh isteach chomh maith. Chomh maith le dlús a chur leis an maoiniú, ba cheart go mbeadh na dálaí gnó ceart chun go mbeadh gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna ábalta méadú agus fanacht san Aontas. Comhcheanglaíonn an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach deontais agus cothromas agus díríonn sí go beacht ar na dálaí cearta a sholáthar ionas go mbeidh na gnólachtaí nuathionscanta ábalta méadú gan bheith orthu athlonnú ar mhaithe le maoiniú a fháil.

Chun infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht a mhéadú, spreagann an Coimisiún na Ballstáit chun **dreasachtaí ginearálta cánach a sholáthar le haghaidh gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta. Tá comhpháirtíochtaí príobháideacha-poiblí, bearta tacaíochta T&F&N, lena n-áirítear bearta faoi IPCEInna** ríthábhachtach chun nuálaíocht a dhí-rioscú.

Cé go dtacaíonn an beartas comhtháthaithe le cóineasú na réigiún beagfhorbartha trí thacaíocht don taighde, don nuálaíocht agus don speisialtóireacht chliste, ní mór do réigiúin uile an Aontais barr feabhais a bhaint amach sa nuálaíocht. Is é is aidhm don Chlár Oibre nua Eorpach don Nuálaíocht an nuálaíocht a luathú agus a neartú ar fud an Aontais. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do na réimsí amach anseo i **dteicneolaíocht ghlan, biteicneolaíocht agus teicneolaíocht dhigiteach**, a mbaineann táirgiúlacht saothair níos airde ná na hearnálacha traidisiúnta leo²⁵. Ní mór don Aontas Eorpach leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí sin agus é ag ullmhú a thionscail chun bheith iomaíoch i ndiaidh 2030

²¹ Sonraí ón Scórchlár um Infheistíocht Thionsclaíoch in T&F.

²² [Feidhmíocht eolaíochta, taighde agus nuálaíochta an Aontais Eorpaigh in 2022.](#)

²³ Sonraí ó ESTAT.

²⁴ Sonraí ó OECD.

²⁵ Mar shampla, tagann fás thart ar 5-10 % níos gasta ar tháirgiúlacht na geuideachtaí atá ag infheistiú i nuálaíocht sonraibhunaithe agus in anailísiúcht sonraí ná mar a thagann ar chuideachtaí nach bhfuil ag infheistiú (ECFE: *Data-driven innovation: big data for growth and well-being* [Nuálaíocht shonraibhunaithe: olltiomsú sonraí le haghaidh fáis agus folláine] 2015)

d'fhonn bheith chun tosaigh sna réimsí sin a bhfuil fás ard ag teacht orthu, agus ní iad a leanúint amháin.

Tá **teicneolaíochtaí** glana i gcroílár an aistrihe ghlais sa lá atá inniu ann agus tá siad ar cheann de na réimsí is mó a bhfuil gealladh fúthu i gcás inár féidir leis an Aontas agus gur cheart don Aontas a bhuntáiste comparáideach a fhorbairt tuilleadh. Tá an tAontas chun tosaigh i gcónaí maidir le teicneolaíochtaí táirgthe glana agus cliste agus ba cheart dó leas ar leith a bhaint as a cheannaireacht i gciarlaíocht agus i bpaitinní glasa a bhfuil ardluach leo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh sé leas a bhaint as a staid láidir i réimsí na n-ard-ábhar, na dteicneolaíochtaí le haghaidh aeráidneodrachta i dtionscail atá dian ar fhuinneamh, agus an tionscal gluaisteán agus an tionscal iompair athrú ó bhun agus a fhorbairt.

I ndiaidh na dteicneolaíochtaí glana, leis an **mbiteicneolaíocht** féadfar réitigh ardluacha bhithbhunaithe a sholáthar le haghaidh réimse leathan úsáidí agus earnálacha, amhail an tsláinte, agus féadfar ábhair dhúchasacha inathnuaite a chur in ionad ábhair iontaise nó ábhair bhainte agus allmhairithe. Maidir leis an mbiteicneolaíocht ghorm, d'fhéadfaí margáí domhanda a shárú trí bhailiú, próiseáil agus úsáid sonraí ar an aigéan agus ar ghníomhaíocht dhaonna ghaolmhar. Baineann acmhainneacht ollmhór le bithgheilleagar ciorclach maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna ionadaithe i gcás ina bhfuil acmhainní nádúrtha gann.

Mar bhrainse maoiniúcháin an Aontais Eorpaigh, cuireann Grúpa BEI borradh faoi infheistíocht phoiblí chun tacú le taighde agus forbairt tionscadal agus teicneolaíochtaí nuálacha i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais. Cuidíonn sé le slua-mhaoiniú infheisteoirí príobháideacha trí mhaoiniú riosca chomh maith le saineolas teicniúil agus airgeadais a sholáthar do thionscadail nuálacha, lena n-áirítear faoi InvestEU.

Is beag dul chun cinn atá déanta ag an Aontas Eorpach i dtreo na sprice maidir le caiteachas ar Thaighde agus Forbairt mar chéatadán de OTI, agus de réir na dtreochtaí reatha beidh sé i bhfad faoi bhun na sprice 3 % faoi 2030 Beidh gá le hiarrachtaí níos mó fós chun go mbeidh an tAontas fós iomaíoch i ndiaidh 2030. Cé go bhfuil líon ard paitinní ina chruthúnas ar an gcruthaitheacht agus ar an nuálaíocht san Aontas, is féidir cuidiú lena gcur ar an margadh le tástálacha rialála agus le tacaíocht ó mhaoiniú.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar na PTFanna seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
6 Déine T&F mar % de OTI	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	>3 % i ndiaidh 2030	2.26 % (2021)
7 Líon na n-iarratas ar phaitinní	Eurostat	Méadú	67 713 (2021) 65 925 (2020)

5. Fuinneamh

Ó bhuaicphointe an ardaithe thobainn ar phraghsanna gáis i mí Lúnasa anuraidh, tá praghsanna gáis ag ísliú agus tá siad thart ar 50 EUR/MWh anois, praghsanna atá incomparáide leis na praghsanna a chonacthas roimh an gcogadh i mí Eanáir 2022. Mar sin féin, tá praghsanna leictreachais le haghaidh gnólachtaí agus tomhaltóirí san Aontas

fós níos airde ná mar atá i gcodanna eile den domhan, agus iad dhá oiread níos airde ná mar atá siad in SAM, mar shampla²⁶.

In 2021, bhain 21.8 % d'olltomhaltas deiridh fuinnimh an Aontais le foinsí inathnuaite. In 2022, tháinig méadú 16 % an toilleadh suiteáilte (353 GW), rud a shábháil thart ar 11 bcm de choibhéis gáis in aon bhliain amháin.

Lena iomaíocht a a choinneáil, teastaíonn ón Aontas soláthar iontaofa slán d'fhuinneamh inacmhainne agus margadh dea-chomhtháite fuinnimh a bheidh ábalta cur isteach a sheasamh. Tá na **praghsanna fuinnimh** níos airde go stairiúil san Aontas ná mar atá i réigiúin eile den domhan, agus tháinig méadú ar an mbearna sin le déanaí mar gheall ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Mairfidh praghsanna fuinnimh níos airde ná praghsanna fuinnimh roinnt de na hiomaitheoirí domhanda san Aontas Eorpach ar feadh roinnt áirithe blianta. Is é is aidhm don phlean REPowerEU²⁷ neamhspleáchas fuinnimh an Aontais a mhéadú agus dlús a chur le cuspóirí dícharbónaithe an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Tá roinnt píosaí reachtaíochta á n-idirbheartú faoi láthair nó rinneadh iad a fhorghabháil le déanaí chun uailmhian i réimsí na bhfoinsí inathnuaite agus na héifeachtúlachta fuinnimh a mhéadú agus chun margaí a chobhsú agus tomhaltóirí a chosaint ar na praghsanna arda fuinnimh.

Tá **cur i bhfeidhm níos tapúla na bhfoinsí inathnuaite** agus na héifeachtúlachta fuinnimh ríthábhachtach chun feabhas a chur ar ár mbunús eacnamaíoch, na praghsanna fuinnimh a ísliú, agus ár neamhspleáchas fuinnimh a áirithiú. Éileofar leis sin go ndéanfar infheistíocht shuntasach i nginiúint fuinnimh, líonraí chomh maith le cumas tionsclaíoch sna hearnálacha seo. Le hathbhreithniú ar Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais²⁸ feabhsófar na dreasachtaí d'infheistíochtaí príobháideacha i bhfoinsí inathnuaite. I ndiaidh Phlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais agus faoi réir formheas óna chomhlachtaí rialaithe, chuir BEI in iúl go raibh sé sásta a ranníocaíocht le Plean REPowerEU a mhéadú ó EUR 3 0 billiún go EUR 4 5 bhilliún, rud a d'fhéadfadh os cionn EUR 1 50 billiún d'infheistíocht fhoriomlán a ghíaráil le haghaidh acmhainn agus úsáid tionscal neodracha.

Ina theannta sin, éilítear le leictriú an gheilleagair go ndéanfar uasghrádú ar an eangach chun tacú le comhtháthú na bhfoinsí inathnuaite agus le **digitíú an chórais fuinnimh**. Beidh ról suntasach ag **stóráil fuinnimh** freisin maidir le solúbthacht agus slándáil an tsoláthair a áirithiú trí chomhtháthú ghiniúint na bhfoinsí inathnuaite a éascú, trí thacú leis an eangach, agus tríd an bhfuinneamh a aistriú go dtí an t-am is mó a bheidh sé de dhíth.

Tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos ag an Aontas Eorpach maidir le giniúint fuinnimh inathnuaite agus ní mór dó iad a chomhlíonadh anois chun neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú agus an difríocht sa chostas i gcomparáid le codanna eile den domhan a laghdú de réir a chéile.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar na PTFanna seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Na sonraí is déanaí atá ar fáil
-----	--------	--------	---------------------------------

²⁶ Praghsanna fuinnimh, an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh (2022). I R3 2022, is ag 192.59 USD/MWh a bhí praghsanna leictreachais do thomhaltóirí tionsclaíocha, i gcomparáid le 94.22 USD/MWh in SAM.

²⁷ COM(2022) 230 final

²⁸ COM(2023) 148 final agus COM(2023) 147 final

8	Cion an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite	Eurostat	45 % in 2030	21.77 % (2021)
9	Praghsanna leictreachais do thomhaltóirí nach teaghlaigh iad	Eurostat	Íslíú agus seasta ansin	EUR 0.1604 in aghaidh an kWh (Seimeastar 1 2022)

6. Ciorclaíocht

Tá geilleagar ciorclach, arna éascú le réabhlóid na teicneolaíochta, ríthábhachtach chun fás eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh a dhíchúpláil ó úsáid acmhainní príomhúla. Chuirfeadh sé ar a chumas don Eoraip fás suas le 3 % gach bliain a bhaint amach ó thaobh táirgiúlacht acmhainní de freisin. Chiallódh sé sin méadú OTI 7 % i gcoibhneas le gnó mar is gnách, agus tionchair dhearfacha bhreise ar fhostaíocht agus ar an gcomhshaol²⁹.

In 2021, b'ionann an ráta ciorclaíochta maidir le húsáid ábhar san Aontas Eorpach agus 11.7 %³⁰. De réir mheastacháin Eurostat bhain beagnach 4.3 milliún post le hearnálacha an gheilleagair chiorclaigh³¹ agus bhain luach breise de thart ar EUR 2 99 milliún leo in 2021³².

Tugtar deis mhór le geilleagar ciorclach spleáchas ar acmhainní agus dramhaíl a laghdú, agus táirgiúlacht, fostaíocht agus fás acmhainní a mhéadú. Tá sé de chumas leis freisin raon nua seirbhísí, samhlacha gnó ciorclacha a chruthú le táirgí mar sheirbhís, comhroinnt idir píaraí, monarú ar éileamh agus réitigh dhigiteacha. Tacaíonn beartais an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach le sprioc an Aontais a spleáchas trádála a laghdú. Beidh táirgí is féidir a dheisiú, a athúsáid agus a athchúrsáil a dhearadh agus níos mó luach a fháil ó ábhar ríthábhachtach don gheilleagar ciorclach. Réimse eile d'fhás tionsclaíoch inbhuanaithe is ea siombóis thionsclaíoch, nuair a dhéantar amhábhair dramhaíl agus seachtháirgí ar thionscal do thionscal eile.

Beidh margadh le haghaidh ábhar tánaisteach a fheidhmíonn go maith ríthábhachtach in am ina mbeidh acmhainní gann. Chuige sin, dreasófar leis an tAcht um Amhábhair Chriticiúla³³ athchúrsáil agus é mar chuspóir beartais 15 % d'éileamh an Aontais maidir le hamhábhair chriticiúla athchúrsáilte a sholáthar. Cuideoidh sé sin leis an ggreat dramhaíola agus ciorclaíochta a neartú d'ábhair den sórt sin agus cuirfidh sé athchúrsáil atá éifeachtúil ó thaobh ábhar de chun cinn chun margadh láidir tánaisteach a áirithiú.

Leis na rialacha coiteanna is infheidhme ar fud an Aontais tá sé níos éasca do ghnólachtaí aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Le **rialacha maidir le héicidhearthóireacht do**

²⁹ *Growth Within: A Circular Economy Vision For a Competitive Europe* [Fás Laistigh: Fís don Gheilleagar Ciorclach d'Eoraip Iomaíoch]; McKinsey Centre for Business and Environment & Ellen MacArthur Foundation; Meitheamh 2015

³⁰ [Circular economy – material flows – Statistics Explained \[An geilleagar ciorclach – sreafaí ábhair – Staidreamh Míniúche\] \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Circular_economy_-_material_flows); https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Circular_economy_-_material_flows

³¹ Sonraí ó [Eurostat](https://ec.europa.eu/eurostat/).

³² Sonraí ó [Eurostat](https://ec.europa.eu/eurostat/).

³³ COM(2023) 160.

tháirgí inbhuanaithe, nuair a ghlacfar iad, cuirfear borradh faoi éifeachtúlacht acmhainní agus fuinnimh, rud a mhéadóidh aisghabháil agus athchúrsáil ábhar ó tháirgí ag deireadh a saolré agus ag seachaint agus a íoslaghódh táirgeadh dramhaíola. Leis an bpas táirge **digiteach** a ghabhann leo beidh tomhaltóirí agus gnólachtaí ábalta rochtain a fháil go héasca ar phríomhfhaisnéis maidir le húsáid fuinnimh, marthanacht, indeisitheacht, in-uasghrádaitheacht nó in-athúsáidteacht ábhar athchúrsáilte táirgí san Aontas. Tabharfar tús áite do na hearnálacha atá dian ar ábhair agus ar acmhainní a sainaitníodh sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach³⁴ maidir le rialacha maidir le héicidhearthóireacht a leagan síos agus tacóidh rialacha atá le teacht le ceart chun deisiúcháin a chur chun cinn le hiomaíocht san earnáil deisiúcháin.

Agus na méideanna atá ag méadú de tháirgí agus d'ábhair atá á n-athchúrsáil, á ndeisiú agus á n-athúsáid, leis an gciortaíocht feabhsófar inbhuanaitheacht, spreagfar nuálaíocht, tacófar le cruthú post, beidh costais ionchuir níos ísle do thionscal an Aontais mar thoradh uirthi agus laghdófar an spleáchas ar amhábhair, lena n-áirítear spleáchas ríthábhachtach. Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar an PTF seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Na sonraí is déanaí atá ar fáil
10 Ráta úsáide ábhair chiorclaigh	Eurostat	É a mhéadú faoi dhó faoi 2030 i gcomparáid le 2020 (Plean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach)	11.7 (2021)

7. An digitíú

Agus é rangaithe mar cheann de na tionscail is mó, tá sé tuartha go mbainfear EUR 6 thrilliún amach sa mhargadh domhanda TFC in 2023³⁵. Bhí breisluach iomlán earnáil TFC an Aontais os cionn EUR 6 04 billiún in 2021, arb é an méid atá i gceist leis sin 4.9 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais.

In ainneoin chineál fíor-riachtanach an tionscail TFC maidir le hiomaíochas go leor earnálacha, tháinig laghdú ar sciar an Aontais den mhargadh domhanda TFC ó 21.8 % in 2013 go 11.3 % in 2022. In 2022, níor shroich ach 69 % de na FBManna leibhéal bunúsach déine digití agus d'úsáid 8 % de chuideachtaí teicneolaíochtaí intleacht shaorga (IS) (2021)³⁶..

Tá tionchar domhain ag teicneolaíochtaí digiteacha ar iomaíochas gheilleagar an Aontais ina iomláine, rud a threisiúnn éifeachtúlacht agus nuálaíocht. Beidh glacadh na dteicneolaíochtaí sin agus a gcomhtháthú ar fud an gheilleagair ríthábhachtach don

³⁴ COM(2020) 98 final. Tá an Coimisiún ag oibriú le páirtithe leasmhara chun na tosaíochtaí a shainiú maidir le rialacha den sórt sin lena múnlaítear an margadh, agus déanfar athbhreithniú orthu sin go rialta chun coinneáil suas leis an teacht chun cinn sa teicneolaíocht. Comhairliúchán poiblí maidir le [Tosaíochtaí nua táirgí le haghaidh Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe](#)

³⁵ [Sciar domhanda den mhargadh TFC de réir tíre in 2022 | Statista](#)

³⁶ Sonraí ó Eurostat.

iomaíochas agus don táirgiúlacht ar an iomlán. San am céanna, chun ceannaireacht thionsclaíoch a choinneáil, ní mór don Aontas príomhról a bhaint amach i ‘bpríomhthionscail ingearacha’ na teicneolaíochta digítí, idir intleacht shaorga agus ríomhaireacht chandamach, micrileictreonaic agus réaltacht fhíorúil, agus bonneagair dhigiteacha a úsáid, idir chibearshlándaíl, 5G agus néalríomhaireacht agus sonraí.

Tá **bonneagair dhigiteacha** atá sábháilte, slán agus inbhuanaithe á gcur ar bun thar theorainneacha, i réimsí amhail líonraí 5G, nascacht satailíte agus néalríomhaireacht. Beidh an líonra nascachta amach anseo ina mheascán de stóráil sonraí tarchurtha agus ríomhaireachta a bheidh nasctha ar fud gach cúinne den phláinéid a bhí le cáblaí fomhuirí agus lenár líonraí satailíte. Ní mór don Aontas Eorpach tús a chur le pleanáil agus le forbairt nascachta amach anseo.

Leis an **intleacht shaorga** cuirtear go leor deiseanna nua ar fáil chun iomaíochas a threisiú. Chun an bhearna idir an tsaotharlann agus an margadh a dhúnadh, tá saoráidí tástála agus turgnaimh á gcómhaoiniú ag an gCoimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, do chuideachtaí chun a dteicneolaíochtaí IS-bhunaithe is déanaí a thástáil i dtimpeallachtaí sa saol mar atá. Cuirfidh an Coimisiún acmhainneacht fheidhmchláir na hintleachta saorga chun cinn i riaracháin phoiblí freisin.

Ag tógáil ar rath an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh³⁷, cuirfidh an tAontas dlús leis an taighde agus leis an nuálaíocht sa **ríomhaireacht chandamach**, sa chumarsáid agus sa bhraiteacht, a mbeidh tionchar cinntitheach aige agus a scaoilfidh deiseanna in earnálacha éagsúla feidhmchlár lena n-áirítear airgeadas, lóistíocht agus cumarsáid leictreonach, chomh maith leis an tslándáil agus leis an gcosaint náisiúnta. Tá **leathsheoltóirí** ríthábhachtach cheana maidir le hathléimneacht an tionscail agus éireoidh siad níos riachtanaí fós. Tacóidh an Ionstraim Eorpach um Shliseanna³⁸ le hiomaíochas éiceachóras leathsheoltóirí an Aontais, méadófar sé ceannasacht theicneolaíoch an Aontais leis agus áiríteofar slándáil an tsoláthair leis.

Ag féachaint chun cinn, beidh **Web 4.0**, i gcás go mbeidh gach rud nasctha héasca, ceannródaíoch. Tá eagraíochtaí agus gnólachtaí ag infheistiú cheana i **leathchúplaí digiteacha**, lena soláthraítear ionsamhlúcháin dhigiteacha chruinne de réad. Éascófar leo pleanáil agus tuar níos éifeachtaí maidir le riachtanais, iamh-agaí nó déanfar bristeacha a chosc leo. Tá leathchúpla digiteach den Domhan (Ceann Scríbe: an Domhain) á forbairt ag an gCoimisiún chun feiniméin nádúrtha a shamhaltú agus a ionsamhlú, agus beidh sé ar fáil i lár 2024. Táthar ag súil leis an leathchúpla digiteach de na hAigéin ag deireadh 2024. Forbrófar leathchúplaí digiteacha eile ina dhiaidh sin, amhail an leathchúpla digiteach uirbeach nó ‘leathchúpla fíorúil an duine’ mar chúnaimh ceannródaíoch do thaighde leighis (a bhfuiltear ag súil leis faoi 2025 ar a luaithe).

Ní bheidh domhan atá ag éirí níos nasctha ann gan rioscaí a bheith i gceist. Tá an **chibearshlándaíl** fíor-riachtanach ar mhaithe le slándáil agus athléimneacht. Tá creat reachtach an Aontais don chibearshlándaíl á neartú, lena n-áirítear tríd an nGníomh um an gCibear-Athléimneacht beartaithe arb é is aidhm do táirgí nasctha a chosaint – bunófar leis ardchaighdeáin chomhchoiteanna, ardchaighdeáin a rachaidh chun tairbhe thionscal

³⁷ A bhí leis an EuroHPC, tá 8 sár-ríomhaire i bhfeidhm san Aontas anois, agus tá 2 cheann acu i measc na 10 sár-ríomhaire is cumhachtaí ar domhan.

³⁸ Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2085 lena mbunaítear na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach, a mhéid a bhaineann leis an gComhghnóthas um Shliseanna. COM/2022/47 deireanach.

cibearshlándála na hEorpa ar fud an domhain freisin. Tá an Coimisiún ag cuidiú freisin le FBManna éirí níos cibear-athléimní trí na moil Nuálaíochta Digití. Tá infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt teicneolaíochtaí cibearshlándála ceannródaíocha agus a n-úsáid ar gach leibhéal den gheilleagar ina riachtanas agus ina ndeis do thionscal cibearshlándála na hEorpa.

Is cnámh droma an iomaíochais amach anseo é an digitiú agus ní mór iarrachtaí a dhéanamh chun go dtiocfaidh an tAontas suas leis an bpríomhearnáil seo agus go mbeidh sí chun tosaigh inti ar fud an domhain. Tá na spriocanna atá le baint amach faoi 2030 leagtha amach sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach. Tá sé mar aidhm againn go mbainfidh níos mó ná 90 % de na FBManna leibhéal bunúsach déine digití amach agus go glacfaidh 75 % d'fhiontair ar a laghad amach le seirbhísí néalríomhaireachta, olltíomsú sonraí nó teicneolaíochtaí IS³⁹.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar na PTFanna seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
11 Déine dhigiteach FBManna an Aontais	Eurostat	90 % faoi 2030	69 % (2022)
12 Glacadh teicneolaíochtaí digiteacha ag cuideachtaí	Eurostat	75 % faoi 2030	Néalseirbhísí ríomhaireachta 41 % (2021) Olltíomsú sonraí 14.2 % (2020) Intleacht shaorga 7.9 % (2021)

8. Oideachas agus scileanna

Leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, beidh ar níos mó agus níos mó daoine scileanna nua a fhoghlaim chun coinneáil suas le forbairtí teicneolaíochta ina bpoist féin, nó beidh orthu poist a ghlacadh in earnálacha eile. Sin é an fáth a shocraítear sa Phlean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta an phríomhspríoc go nglacfaidh 60 % ar a laghad de dhaoine fásta go léir páirt san oiliúint gach bliain faoi 2030, suas ó 37 % in 2016 agus 78 % ar a laghad den ráta fostaíochta faoin mbliain chéanna.

Chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanas scileanna, ní mór an tsoghluaisteacht a éascú trína dhéanamh níos éasca scileanna agus cáilíochtaí a aithint ar fud na mBallstát agus ar fud náisiúnaigh tríú tír.

Tá córais oideachais agus oiliúna ardchaighdeáin chuimsitheacha an Aontais ar cheann de na láidreachtaí is mó atá aige⁴⁰, rud atá fíor-riachtanach d'iomaíochas an Aontais. Mar sin féin,

³⁹ Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, IO L 3 23, 19.12.2022, lgh. 4 -26.

⁴⁰ Tá méadú tagtha ar an sciar den daonra idir 25 agus 34 bliana d'aois ar éirigh leo staidéir threasacha a chur i gerich ó 32.2 % in 2010 go 41.2% in 2021, agus tháinig laghdú 3.5 pointe céatadáin idir 2011 agus 2021 go 9.7 % ar sciar foriomlán na luathfhágálaithe ón oideachas agus oiliúint san Aontas. Foinse: [Early leavers from education and training – Statistics Explained \[Luathfhágálaithe ó oideachas agus oiliúint – Staidreamh Míithe\] \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat/tgm/table.do?tab=table&init=1&language=en&plugin=1)

tá ganntanas oibríthe oilte san Eoraip cheana féin, mar gheall ar athrú déimeagrafach freisin. Tá lucht saothair ag a bhfuil na scileanna riachtanacha fíor-riachtanach chun go n-éireoidh leis sa dá aistriú, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí leathnú sna hearnálacha fáis. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach ní hamháin go gcothófar soláthar na deiseanna oiliúna atá curtha in oiriúint do riachtanais atá ann faoi láthair nó do riachtanais atá le teacht, ach freisin go n-aithneoidh gnólachtaí agus údaráis phoiblí na scileanna agus na cáilíochtaí arna ngnóthú, agus go mbeidh dálaí sách tarraingteach ann d'oibríthe reatha nó d'oibríthe ionchasacha chun deiseanna den sórt sin a thapú chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna agus chun iad a chleachtadh trí phoist ardchaighdeán.

Is éard atá sa **Chlár Oibre Scileanna don Eoraip**⁴¹, 2020, treochlár an Aontais lena áirithiú go mbeidh an lucht saothair oilte is gá ag an Aontas chun déanamh go maith i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais agus chun iomaíochas agus fostaíocht eacnamaíoch a threisiú. Aithníonn sé nach mór do dhaoine ní hamháin uasoiliúint a dhéanamh go leanúnach, ach athoiliúint a dhéanamh freisin, toisc gur mó an seans go n-athróidh siad a bpost agus fiú a n-earnálacha le linn a ngairmeacha. Éilítear leis sin seo rochtain ar oiliúint, ach freisin seirbhísí treorach agus bailíochtaithe. Is é is aidhm don idirphlé struchtúrach maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha tacar scileanna a dhírítear ar an todhchaí a áirithiú mar bhonn d'iomaíochas fadtéarmach.

I mBliain Eorpach na Scileanna 2023 tabharfar chun suntais scileanna chun cuidiú le hoibríthe agus le cuideachtaí, go háirithe FBManna, aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna san Aontas. Cuirfear meon athoiliúna agus uasoiliúna chun cinn leis, rud a chuideoidh le daoine na scileanna cearta do phoist ardchaighdeán a fhoghlaim.

Le **hionaid ilfhreastail** ar an leibhéal náisiúnta/réigiúnach is féidir rochtain daoine aonair ar gach seirbhís a bhaineann le scileanna a éascú. Leanfaidh an Coimisiún le malartú deachleachtas a éascú, ag tógáil ar uirlisí atá ann cheana, amhail Cuntais Foghlama Aonair.

Tá gá le tuilleadh céimeanna chun réiteach inbhuanaithe a sholáthar le haghaidh na nganntanas scileanna a théann i bhfeidhm ar gheilleagar an Aontais lena gcuirfear **cur chuige 'Scileanna ar dtús'** á chun cinn. D'fhéadfadh sé sin dul chun tairbhe go háirithe do dhaoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste nó ó ghrúpaí faoi ghannionadaíocht mar go ndéantar na fíorscileanna seachas cáilíochtaí foirmiúla a urramú leis an gcur chuige sin.

Chun aistriú i dtreo margadh aonair scileanna, teastaíonn **iniomparthacht** scileanna ar fud an Aontais. Spreagfaidh an Coimisiún úsáid iomlán a bhaint as forálacha na Treorach maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint, go háirithe maidir le creataí coiteanna oiliúna agus tástálacha coiteanna oiliúna. Déanfaidh an Coimisiún iniúchadh freisin ar bhealaí chun bailíochtú agus aithint dintiúr a éascú, lena n-áirítear cáilíochtaí nach dtagann faoi raon feidhme na Treorach maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint.

Ní mór dúinn leas a bhaint as acmhainneacht **ban agus daoine óga** le bearta chun ráta rannpháirtíochta na mban i ngach earnáil agus ar gach leibhéal a fheabhsú agus chun luath-lánpháirtíú na ndaoine óga sa mhargadh saothair a chur chun cinn. Ina theannta sin, ní mór dúinn comhdheiseanna agus rannpháirtíocht a spreagadh do chách, lena n-áirítear do dhaoine ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, do mhionlaigh agus do dhaoine faoi mhíchumas. Is é is aidhm don tionscnamh atá le teacht chun an creat Cáilíochta maidir le cúrsaí oiliúna a nuashonrú aghaidh a thabhairt air sin. Daoine a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu agus grúpaí eile faoi ghannionadaíocht, rachaidh comhtháthú na ndaoine sin sa mhargadh saothair chun tairbhe na sochaí ar an iomlán agus cuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar an laghdú atá

⁴¹ COM/2020/274 final

ag teacht ar lucht saothair an Aontais faoi láthair. Is féidir leis an **imirce dhleathach** cuidiú leis na ganntanais saothair agus scileanna is práinní a mhaolú. Cuirfidh an Coimisiún tionscnamh i láthair i mbliana maidir le haitheantas a thabhairt do scileanna agus do cháilíochtaí náisiúnach tríú tír trí bhearta córasacha fadtéarmacha a chur le chéile chun feabhas a chur ar aitheantas, agus déanfar gníomhaíocht ghearrthéarmach chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na bearnaí scileanna is tábhachtaí san Aontas.

Ní mór obair theicniúil agus obair láimhe a athluacháil agus a chur chun cinn, ionas go meallfar níos mó gairmithe chun a ngairmeacha sna réimsí sin a fhorbairt. Ní mór an **gairmoideachas agus an ghairmoiliúint** a leabú sna hathchóirithe eacnamaíocha agus sna straitéisí réigiúnacha agus earnála atá beartaithe chun soláthar tráthúil scileanna a áirithiú do na gairmeacha a bheidh ag teastáil amach anseo. Tá ról tábhachtach ag tionscnamh Ionaid Ghairme Barr Feabhais an Aontais, agus iad ag obair go dlúth le gnólachtaí lena n-áirítear FBManna, agus cuireann siad le forbairt réigiúnach, le fiontraíocht, le nuálaíocht, le braislí tionsclaíocha, agus le straitéisí um speisialtóireacht chliste. Lena chois sin, tacaíonn an Coimisiún fós le printíseachtaí tríd an gComhaontas Eorpach um Phrintíseachtaí a bhfuil breis agus 1 mhilliún printíseacht bailithe aige trí 400 gealltanais le 10 mbliana anuas. Go ginearálta, ag tógáil ar thionscnaimh amhail Moladh 2020 ón gComhairle maidir leis an nGairmoideachas agus maidir leis an nGairmoiliúint, ní mór an soláthar deiseanna oideachais agus oiliúna agus tarraingteacht deiseanna foghlama den sórt sin d'fhoghlaimoírí ionchasacha a áirithiú. Leanfaidh an Coimisiún ag obair go dlúth leis na Ballstáit chun cainníocht na hoiliúna chomh maith le cáilíocht na n-aschur agus a n-oiriúnú do riachtanais earnála a áirithiú.

Tá córais láidre oideachais, infhaighteacht lucht saothair oilte a bheidh fothaithe i chóras Eorpach ina bhfuil comhdheiseanna agus fostaíocht ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun cuidiú le gnólachtaí déanamh go maith agus an lucht saothair is fearr a choinneáil. Beidh an PTF maidir le rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint ar fáil gach dara bliain chun faireachán a dhéanamh ar an dóigh a ndéanfaidh oibrithe a gcuid scileanna a oiriúnú do riachtanas atá ag athrú. Ní hamháin go n-éascófar tacaíocht dhigiteach sa ghnó le treocht láidir do PTF TFC, ach rianófar an dóigh a rachaidh mná chun cinn sa réimse sin.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar na PTFanna seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
13 Rannpháirtíocht aosach san oideachas agus san oiliúint gach bliain (mná agus fir)	Suirbhé ar Oideachas Aosach/Suirbh é ar an Lucht Saothair	60 % faoi 2030	37 % (2016)
14 Ráta fostaíochta maidir le haosaigh	Eurostat	78 % faoi 2030	73 % (2021)
15 Speisialtóirí TFC (mná agus fir)	Eurostat	20 milliún faoi 2030	8.5 milliún Ba mhná iad 19.1 % acu (2021)

9. Trádáil agus uathriail straitéiseach oscailte

Le fiche bliain anuas, tá neart eacnamaíoch agus polaitiúil faighte ag an Aontas mar gheall ar a chumhacht trádála, agus bhain sé tairbhe as na buntáistí a bhaineann le trádáil oscailte, ní hamháin i gcomhthéacs earraí, ach i gcomhthéacs seirbhísí agus cosaint maoinne intleachtúla freisin. Tá dhá thrian d'allmhairí an Aontais comhdhéanta d'ionchuir idirmheánacha, amhail amhábhair, páirteanna agus comhpháirteanna a chuireann leis an bpróiseas táirgthe. Léiríonn fianaise fhadtéarmach ó thíortha AE go bhfuil baint ag méadú 1 % ar oscailteacht an gheilleagair le méadú 0.6 % ar tháirgiúlacht saothair⁴².

Is de bharr na trádála oscailte agus an éagsúlaithe atá tAontas níos rathúla, níos iomaíche agus níos athléimní. I dtimpeallacht gheopholaitiúil atá ag athrú, ní mór don Aontas Eorpach leanúint le slabhraí soláthair an Aontais a neartú agus le spleáchas trádála ar amhábhair chriticiúla a laghdú⁴³, agus le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí straitéiseacha eile freisin i gcás ina bhfuil an tAontas Eorpach spleách ar thríú tíortha, agus comhpháirtíochtaí á gcothú aige agus leas á bhaint aige as poil sheachtracha fáis. Tá saorthrádail chóir atá bunaithe ar rialacha ina réamhriachtanas do shlándáil agus éagsúlú an tsoláthair.

Leanfaidh an tAontas ag obair ar mhargaí oscailte do chuideachtaí an Aontais trí cheangail le comhghuaillithe agus le comhpháirtithe trádála a neartú. Go sonrach, leanfaidh an Coimisiún le **líonra Chomhaontuithe Saorthrádála** an Aontais a chur chun cinn, agus ag an am céanna bainfidh sé lántairbhe as na comhaontuithe atá i bhfeidhm cheana féin trí chur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach. Leanfaidh an tAontas ag plé leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála lena n-áirítear maidir lena athchóiriú, agus cuirfidh sé rialacha trádála iltaobhacha chun cinn mar an bealach is éifeachtaí chun cothroime iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíocha ar fud an domhain.

Ba cheart don Aontas leanúint le bheith chun tosaigh sa chomhar idirnáisiúnta chun leas frithpháirteach na bpáirtithe uile. Leanfaidh an tAontas Eorpach ag **cruthú comhpháirtíochtaí**, ní hamháin trí chomhaontuithe trádála ach trí shocruithe eile lena mbunófar comhar le comhpháirtithe ar shaincheisteanna comhleasa. Tá an Tairseach Dhomhanda, tairiscint dhearfach an Aontais do mhargaí atá ag teacht chun cinn agus do gheilleagair atá i mbéal forbartha chun an dá aistriú agus forbairt dhaonna a chur chun cinn, ríthábhachtach maidir leis sin. Ina theannta sin, tá an tAontas Eorpach ag féachaint le comhaontuithe a dhéanamh maidir le rialacha trádála digití, agus fócas ar chomhpháirtithe san Áise, ag tógáil, nuair is infheidhme, ar chomhpháirtíochtaí digiteacha agus ar an dóigh sin cuirtear cearta agus luachanna an Aontais chun cinn⁴⁴. Is sampla eile í Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta AE-na hIndia den dóigh lenár gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta le comhpháirtithe straitéiseacha a neartú. Is réimse é an réimse amhábhair criticiúil freisin ina bhféachfaidh an tAontas lena líonra comhpháirtíochtaí a mhéadú agus comhoibriú le chéile faoi chuimsiú club amhábhair amach anseo a thabharfaidh tíortha tomhaltais agus tíortha ina bhfuil mórán acmhainní le chéile chun infheistíocht inbhuanaithe a chothú.

Leanfaidh an tAontas freisin le plé níos dlúithe ná riamh a bheith aige leis na Stáit Aontaithe, mar chomhpháirtí a bhfuil comhluachanna láidre aige. Tá an tAontas agus na Stáit Aontaithe ag obair chun Tionscnamh Trasatlantach nua don Trádáil Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun comhchuspóirí a chur chun cinn maidir le trádáil ghlas inbhuanaithe a bhaint amach

⁴² An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Eorpach maidir le hIomaíochas 2007.

⁴³ COM(2023)165 final agus COM(2023)160 final.

⁴⁴ Sa chomhthéacs sin, oibroidh an tAontas Eorpach leis an gCóiré Theas agus Singeapór ar rialacha maidir le trádáil dhigiteach, chomh maith le comhar a lorg maidir le trádáil dhigiteach le comhpháirtithe ASEAN.

agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin athléimneach, ar bhealach a dtacóidh siad le chéile⁴⁵. Mar a aontaíodh idir Uachtarán Biden agus Uachtarán von der Leyen an 10 Márta, neartóidh an tAontas agus na Stáit Aontaithe an comhar maidir le slabhraí soláthair rithábhachtacha mianraí agus ceallraí agus slándáil eacnamaíoch a éagsúlú.

Agus na cuspóirí thuas á gcur i gcrích acu, níl aon mhaith leis an Aontas agus leis na Ballstáit gan bheith ach frithghníomhach amháin ach tá creat comhordaithe maidir le slándáil eacnamaíoch á chur i bhfeidhm acu lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí ar bhealach spriocdhírthe, agus tairbhí na trádála oscailte agus an chomhair dhigitigh á gcosaint acu ag an am céanna. Bainfidh an tAontas leas straitéiseach freisin as uirlisí uathrialacha atá ar fáil, amhail na hionstraimí cosanta trádála (TDI), an Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, an Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta, nó Ionstraim Frith-chomhéigin an Aontais atá beartaithe.

Trí rochtain chómhalartach ar an margadh agus trí bhacainní trádála a bhaint (i gcás earraí agus seirbhísí), soláthrófar níos mó deiseanna don trádáil, don infheistíocht, don nuálaíocht agus don fhás táirgiúlachta.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar an PTF seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
16	Trádáil leis an gcuid eile den domhan (mar sciar de OTI)	Eurostat	Méadú 21.5 % (2021) 20.2 % (2020)

III. Creat rialála um fheabhsú fáis

Tá cáilíocht an riaracháin phoiblí agus cáilíocht an chreata rialála rithábhachtach d'iomáiochas an Aontais. Tá an tAontas anois ina bhunaitheoir ardchaighdeán i réimsí beartais amhail cosaint tomhaltóirí, iomaíocht, comhshaol agus sábháilteacht san ionad oibre, agus soláthraíonn sé cobhsaíocht agus deimhneacht rialála. Agus rialachán nua á ullmhú ag an gCoimisiún, braitheann sé ar cheann de na córais is forbartha um rialáil níos fearr atá rangaithe go hard ag ECFE. Ach, is féidir feabhsúcháin a dhéanamh.

Áirithítear leis an **tseiceáil iomaíochais** nua go gcuirfear i láthair ar bhealach comhtháite i measúnuithe tionchair na dtograí reachtacha na tionchair a bhfuiltear ag súil leo ó gach togra maidir le hiomaíochas costas agus praghsanna, maidir le hiomaíochas idirnáisiúnta agus maidir leis an gcumas dul i mbun nuálaíochta, agus maidir le hiomaíochas FBManna freisin. Chun é a chomhlánú, oibreoidh an Coimisiún ar conas measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchair charnacha na mbeart beartais éagsúil ar leibhéal an Aontais d'fhonn modheolaíocht a fhorbairt. Ina theannta sin, is é is aidhm leis an gcur chuige '**ceann amháin isteach, ceann amháin amach**' ualaí nach bhfuil gá leo a sheachaint, i gcás ina ndéantar costais riaracháin, amhail oibleagáidí tuairiscithe, deimhniúchán nó lipéadú a fhritháireamh sa réimse beartais céanna. Sa Suirbhé Bliantúil ar Ualach atá le teacht taispeánfar na chéad torthaí a bhfuil gealladh fúthu ina leith sin.

⁴⁵ I ndiaidh an fhógra ag an gCruinniú Aireachta den Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe i mí na Nollag 2022.

Tá gá le hoibleagáidí tuairiscithe chun faireachán dhéanamh mar is gceart ar reachtaíocht agus í a fhorfheidhmiú, ach baineann costais leis sin, go háirithe do FBManna. Tugann an Choimisiún tús áite **d'oireagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú tuilleadh agus ualach riaracháin a laghdú**⁴⁶. Go dtí seo, tá seiceálacha oiriúnachta déanta⁴⁷ i roinnt réimsí beartais agus sainaithníodh go bhféadfaí riachtanais a shimpliú agus costais tuairiscithe a laghdú leo. Déanfaidh an Coimisiún **iarracht nua ceanglais tuairiscithe a réasúnú agus a shimpliú** do chuideachtaí agus do lucht riaracháin le tograí **i ngach ceann de na réimsí téamacha glasa, digiteacha agus eacnamaíocha roimh an bhfómhar**, arb iad na chéad tograí den sórt sin iad. Ba cheart é a bheith ina aidhm laghdú 25 % a dhéanamh ar ualaí den sórt sin, gan an bonn a bhaint de na cuspóirí beartais gaolmhara. I bhfianaise na mórghníomhaíochtaí reachtacha a bhaineann le sainordú an Choimisiúin, is tráth fíor-iomchuí é seo chun obair den sórt sin a threisiú. Le bearta den sórt sin, ní hamháin go bhféadfar rómhaorlathas a laghdú agus an timpeallacht rialála a shimpliú, ach féadfar acmhainní oile a chur ar fáil freisin, rud a rachaidh chun tairbhe don iomaíochas gnó. Is féidir an rud céanna a dhéanamh maidir le hábhair thrasghearrthacha eile, amhail rialacha maidir le lipéadú a shimpliú/a dhigitiú.

Tá sé de bhuntáiste le rialacha AE atá dea-dheartha go ndéanfar an saol a shimpliú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, go háirithe do FBManna, lena n-áirítear i réimsí ina gcuirtear sraith rialacha aonair in ionad éagsúlacht na 27 gcreat náisiúnta leo. Déanfaidh an Coimisiún **tuilleadh forbartha ar chur chuige a thacaíonn níos mó leis an nuálaíocht maidir le rialáil** trí úsáid níos mó a bhaint as **boscaí gainimh/tástálacha rialála lena n-éascaítear tástáil a dhéanamh** ar réitigh núíosacha i dtimpeallacht rialaithe ar feadh tréimhse teoranta ama. Tá boscaí gainimh den sórt sin molta cheana féin ag an gCoimisiún le haghaidh na hintleachta saorga agus na dtionscal glan-nialasachta agus molfaidh sé go ndéanfar é sin san earnáil chógaisíochta. Ag cur leis sin, breithneoidh an Coimisiún go gníomhach air sin a leathnú go réimsí/earnálacha eile.

Breithneoidh an Coimisiún freisin aon uair is féidir **samhlacha rialála** a chur i bhfeidhm lena mbeidh spreagadh seachas forordú i gceist⁴⁸, agus, dá bhrí sin, laghdófar costais maidir le comhlíonadh agus na torthaí céanna á mbaint amach.

Braitheann iomaíochas ar athnuachan. Leanfaidh an Coimisiún le **measúnú rialta a dhéanamh ar reachtaíocht an Aontais** chun a fháil amach an bhfuil sé oiriúnach don fheidhm i gcónaí. I réimsí atá faoi réir athrú suntasach teicneolaíoch, féachfaidh an Coimisiún chuige go mbainfear úsáid níos fearr as **clásal éagtha agus clásal athbhreithnithe** ina thograí reachtacha lena áirithiú seasfaidh an rialáil an aimsir i gcónaí. I gcás inar gá príomhreachtaíocht a ghlacadh ar bhonn tráthúil chun cobhsaíocht agus intuarthacht a sholáthar do ghníomhaithe margaidh agus do pháirtithe leasmhara eile, lorgóidh an Coimisiún gealltanas soiléir polaitiúil ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar chomhreachtóirí.

A luaithe a ghlacfar reachtaíocht, leanfaidh an Coimisiún le cúnaimh a thabhairt do Bhallstáit maidir le **dlí an Aontais a thrasú i gceart, go hiomlán agus in am**. Tabharfar faoin idirphlé sin. Tá oibleagáid ar na Ballstáit a bhfuil comhaontaithe acu mar reachtóirí Eorpacha a chur i bhfeidhm i gceart, lena n-áirítear staonadh ón ualach breise rialála nó riaracháin thar a bhfuil

⁴⁶ Mar shampla: rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh, lenar tugadh le chéile planáil fuinnimh agus aeráide agus lenar simplíodh faireachán ar dhul chun cinn; an Grúpa Ardleibhéil um Ualach Riaracháin 2007.

⁴⁷ Mar shampla, Seiceáil oiriúnachta maidir le Tuairisciú agus Faireacháin Bheartas Comhshaoil an Aontais, SWD (2017) 230, lena ndearnadh athbhreithniú ar 180 oibleagáid tuairiscithe i 60 píosa reachtaíochta.

⁴⁸ Trí dhreasachtaí gnó nó airgeadais.

riachtanach a tharlaíonn go minic fós agus staonadh ó ualaí neamhriachtanacha a chur ar ghnólachtaí agus ar shaoránaigh nuair a bhíonn treoracha an Aontais á dtrasuí sa dlí náisiúnta (rud ar a dtugtar ‘rórialáil’). Féadfar go leor de na buntáistí praiticiúla a bhaineann le comhchuíbhiú sa Mhargadh Aonair a chailleadh má bíonn difríochtaí móra sa chur i bhfeidhm i measc na mBallstát. Ní mór an trasuí a dhéanamh ar bhonn tráthúil freisin, chun an riosca neamhchinnteachta maidir le staid an dlí, go háirithe le haghaidh gnó, a íoslaghdú. Ina leith sin, moltar do na Ballstáit, d’údaráis réigiúnacha agus áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis reatha maidir le reachtaíocht an Aontais a thrasuí.

Tá riarachán poiblí láidir fíor-riachtanach don earnáil phoiblí chun leanúint le beartais an Aontais a chur chun feidhme. Tabharfaidh an Coimisiún breac-chuntas ar roinnt gníomhaíochtaí⁴⁹ chun comhar riaracháin a neartú agus a fheabhsú, tacú le húdaráis feabhas a chur ar thacair scileanna státseirbhíseach, agus malartú cleachtas agus foirne a éascú chun tacú le hathchóirithe sonracha a chur chun feidhme, tionscnaimh bheartais a fhorbairt nó uirlisí bainistíochta agus cuir chuige nua a thabhairt isteach.

Léirítear leis an PTF seo a mhéid a bhraitheann gnólachtaí chomh éasca agus atá sé ceanglais rialacháin agus riaracháin rialtais a chomhlíonadh. Léireofar le treocht aníos a mhéid a éireoidh leis an Aontas agus lena Bhallstáit le chéile maidir le creat reachtach agus riaracháin chuideoidh leis an bhfás a áirithiú.

Chun faireachán a dhéanamh ar an spreagthach sin, moltar an PTF seo a leanas:

PTF	Foinse	Sprioc	Sonraí is déanaí atá ar fáil
17	Chomh éasca agus atá comhlíonadh rialála	Scórchlár an Mhargaidh Aonair	3.64 (2021) 3.33 (2018)

Conclúid

I bhfianaise iomaíocht láidir dhomhanda agus comhthéacs nua geopholaitiúil, ní féidir talamh slán a dhéanamh den iomaíochas choíche. Tá aird pholaitiúil ar an leibhéal polaitiúil is airde ag dul dó. Is éard atá i gceist leis an aird athnuaithe ar iomaíochas fadtéarmach go bhfuil ceannas á ghlacadh ag an Aontas Eorpach ar a mheallacht agus a sheasamh i ngeilleagar an domhain.

Tá an tAontas Eorpach ag uair na cinniúna maidir leis an gcéad deacáid eile agus teastaíonn iarracht choiteann ó ghnólachtaí agus ó lucht déanta beartas chun an Eoraip a chur ar an gconair ceart chuig an todhchaí. Tá peirspictíochtaí fadtéarmacha ag gnólachtaí agus teastaíonn coinníollacha creata intuartha agus iomaíocha uathu dá n-infheistíochtaí. Is é sin an rud a chinnfidh cá háit dtarlóidh an fás eacnamaíoch amach anseo.

Tugtar i dtábhacht sa Teachtaireacht seo na príomhspreagthaí maidir le hiomaíochas fadtéarmach. Tá na spreagthaí idirnasctha agus níl aon fhreagra amháin ar ár ndúshlán reatha. I dtimpeallacht atá ag athrú de shíor, déanfar na spreagthaí sin a thomhas ar bhonn PTF, cuspóirí, agus creataí faireacháin a forbraíodh cheana féin i mbeartais earnála, i

⁴⁹ An Spás Riaracháin Eorpach san Aontas Eorpach(ComPAct)

Scórchlár an Mhargaidh Aonair⁵⁰, sa Chlár Beartais don Deacáid Dhigiteach, agus sa Seimeastar Eorpach. Tá sé i gceist ag an gCoimisiún an nuashonrú a chur i láthair ar bhonn bliantúil sa Scórchlár an Mhargaidh Aonair agus an Iomaíochais. Dá bhrí sin, beifear ábalta comhthomhas a sholáthar leo maidir le staid iomaíochais an Aontais don Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta agus do Pharlaimint na hEorpa, d'fhonn bonn eolais a chur faoi aon bhearta beartais is gá agus iad a phlé go pras. Beidh siad ina chuidiú freisin chun an Coimisiún a threorú ina chuid oibre laethúil agus don na comhreachtóirí agus reachtaíocht a bhfuil tionchar aici ar iomaíochas na hEorpa á tabhairt chun críche acu. De bharr thiomantas na mBallstát d'athchóirithe agus do theachtaireachtaí láidre ailínithe chuig an lucht gnó a bheidh cúltaicthe ag an infheistíocht agus an cur chun feidhme is gá, beifear ábalta cur leis an iomaíochas amach anseo le neart na hEorpa.

Idir an dá linn, déanfaidh an Coimisiún scagadh gníomhach ar a rialáil, déanfaidh sé measúnú féachaint an bhfuil sé oiriúnach don fheidhm agus oibreoidh sé i dtreo cur chuige atá níos fabhraí don nuálaíocht maidir le rialáil. Le creat rialála soiléir, tacaíocht don phríomhnuálaíocht, lucht saothair oilte chomh maith le riachtanais tuairiscithe laghdaithe nuair is féidir, beifear ábalta timpeallacht ghnó do thionscal an Aontais a fhás go fadtéarmach.

Iarrtar ar an gComhairle Eorpach agus ar Pharlaimint na hEorpa na tosaíochtaí a shainaithnítear sa Teachtaireacht seo a fhorhuiniú agus machnamh a dhéanamh ar bhonn rialta ar an dul chun cinn atá déanta.

⁵⁰ Leis an gcreat forbartha inbhuanaithe, innéacs na ngeilleagar digiteach agus na sochaithe digiteacha, an colún sóisialta, scórchlár na nuálaíochta agus go leor eile, tugtar léargas níos gráinne ar fhorbairtí gaolmhara san Aontas Eorpach.

Iarscríbhinn – PTFanna chun faireachán a dhéanamh ar iomaíochas thionscal an Aontais

Níl	PTF	Foinse	Tuairisc	Sprioc	Luach is déanaí
<i>Mhargadh Aonair Feidhmiúil</i>					
1	Comhtháthú sa Mhargadh Aonair	Scórchlár an Mhargaidh Aonair ⁵¹	Sreafaí trádála in earraí agus i seirbhísí laistigh den Aontas mar sciar de OTI an Aontais.	Méadú	23.5 % le haghaidh earraí (2021) 21.5 % le haghaidh earraí (2020) 6.75 % le haghaidh seirbhísí (2021) 6.5 % le haghaidh seirbhísí (2020)
2	Easnamh comhréireachta	Scórchlár an Mhargaidh Aonair ⁵²	Tomhaistear leis líon na dtreoracha a trasúidh agus ar sheol an Coimisiún imeachtaí um shárú maidir le trasuí mícheart ina leith.	0.5 %	1.3 % (2021)
<i>Rochtain ar chaipiteal príobháideach agus ar infheistíocht phríobháideach</i>					
3	Glan-infheistíocht phríobháideach mar chuid de OTI	Scórchlár an Mhargaidh Aonair ⁵³	Tá baint dhíreach ag infheistíocht phríobháideach leis an éascaíocht rochtana ar chaipiteal príobháideach.	Méadú	3.2 % (2021) 2.6 % (2020) 4.4 % (2019)
4	Infheistíocht chaipitil fiontair	Scórchlár an Mhargaidh Aonair ⁵⁴	Is táscaire maith é an dul chun cinn sa réimse seo ar an dul chun cinn maidir le rochtain ar chaipiteal príobháideach go ginearálta. Tá dul chun cinn déanta le déanaí, ach tá sé íseal i gcomparáid leis an	Méadú	0.48 % (2021) 0.03 % (2018)

⁵¹ [Comhtháthú earraí agus seirbhísí | Scórchlár an Mhargaidh Aonair \(europa.eu\)](http://europa.eu)

⁵² [Trasúí | Scórchlár an Mhargaidh Aonair \(europa.eu\)](http://europa.eu)

⁵³ [Athléimneacht eacnamaíoch | Scórchlár an Mhargaidh Aonair \(europa.eu\)](http://europa.eu)

⁵⁴ [Rochtain ar mhaoiniú | Scórchlár an Mhargaidh Aonair \(europa.eu\)](http://europa.eu)

			dul chun cinn atá déanta ar an leibhéal idirnáisiúnta.		
Infheistíocht phoiblí agus bonneagar					
5	Infheistíocht phoiblí mar sciar de OTI	Bunachar sonraí AMECO ⁵⁵	Tá ról lárnach ag an infheistíocht phoiblí i bhforbairt agus coinneáil ar bun na mbonneagar tacaíochta gnó amhail fuinneamh, iompar nó nascacht dhigiteach.	Méadú	3.2 % (2022)
Taighde agus Nuálaíocht					
6	Déine T&F mar % de OTI	Eurostat ⁵⁶	An caiteachas iomlán ar T&F (idir phoiblí agus phríobháideach).	>3 % i ndiaidh 2030	2.26 % (2021) 2.3 % (2020) 2.22 % (2019)
7	Líon na n-iarratas ar phaitinní ⁵⁷	Eurostat ⁵⁸	Léirítear le Paitinní cumas geilleagair chun leas a bhaint as eolas agus léirítear leo an cumas iomaíochta is féidir a fháil trí nuálaíocht.	Méadú	67 713 (2021) 65 925 (2020) 66 510 (2019)
Fuinneamh					
8	Cion an fhuinnimh ó fhoinsí inathnuaite	Eurostat ⁵⁹	Giniúint fuinnimh inathnuaite (mar atá beartaithe don Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite).	45 % in 2030	21.77 % (2021) 22.04 % (2020) 19.89 % (2019)
9	Praghsanna leictreachais do thomhaltóirí neamhtheaghlaigh ⁶⁰	Eurostat ⁶¹	Tugtar léiriú maith d'inacmhainneacht fuinnimh le praghas leictreachais do thomhaltóirí tionsclaíoch.	Íslíú agus seasta ansin	EUR 0 .1604 in aghaidh an kWh (Seimeastar 1 2022) EUR 0 .0818

⁵⁵ https://ec.europa.eu/economy_finance/ameco_dashboard

⁵⁶ [Bunachar sonraí – Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht – Eurostat \(europa.eu\)](#)

⁵⁷ Iarratais ar phaitinn chuig Oifig na bPaitinní Eorpacha de réir thír chónaithe na n-iarratasóirí, amharc réamhshocráithe i dtacar sonraí Eurostat

⁵⁸ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](#) Cód sonraí ar líne: SDG_09_40

⁵⁹ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](#) Cód sonraí ar líne: NRG_IND_REN

⁶⁰ Banda IC, ídiú idir 500 agus 2000 MWh, amharc réamhshocráithe i dtacar sonraí Eurostat

⁶¹ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](#) Cód sonraí ar líne: NRG_PC_205

					(Seimeastar 1 2020)
<i>Ciorclaíocht</i>					
10	Ráta úsáide ábhair chiorclaigh	Eurostat ⁶²	Tomhaistear leis an ráta úsáide ábhair chiorclaigh an sciar den ábhar a aisghabhtar agus a chuirtear ar ais sa gheilleagar maidir le húsáid ábhar ar an iomlán. Sprioc ón bPlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach: Ag méadú faoi dhó i gcomparáid le 2020.	23.4 % faoi 2030	11.7%% (2021) 11.7 % (2020)
<i>An digitíú</i>					
11	Déine dhigiteach in FBManna	Eurostat ⁶³	Sciar fhiontais an Aontais ag a bhfuil leibhéal bunúsach déine digití ar a laghad. Is é atá i gceist le leibhéal bunúsach ceithre cinn ar a laghad de dhá theicneolaíocht déag dhigiteacha roghnaithe a úsáid (amhail úsáid a bhaint as aon teicneolaíocht IS; díolacháin ríomhthráchtálade thart ar 1 % ar a laghad den láimhdeachas iomlán a bheith acu; etc.) mar a shainítear sa Deacáid Dhigiteach.	90 % faoi 2030	69 % (2022)
12	Glacadh teicneolaíochtaí digiteacha ag cuideachtaí	Eurostat ^{64 65 66}	Sciar na bhfiontar Eorpach ag a bhfuil seirbhísí néalríomhaireachta, olltiomsú sonraí agus Intleacht Shaorga glactha. Sprioc atá leagtha amach sa Deacáid Dhigiteach.	75 % faoi 2030	Néalseirbhísí ríomhaireachta 41 % (2021) 23.9 % (2018) Olltiomsú sonraí 14.2 % (2020)

⁶² [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat)

⁶³ [Cé chomh digitithe agus atá fiontair an Aontais?– Táirgí: Nuacht Eurostat – Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat)

⁶⁴ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat) Cód sonraí ar líne: ISOC_CICCE_USE. Méid an fhiontair : 10 nduine nó níos fostaithe ann

⁶⁵ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat) Cód sonraí ar líne: ISOC_EB_BD. Méid an fhiontair : 10 nduine nó níos fostaithe ann

⁶⁶ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://ec.europa.eu/eurostat) Cód sonraí ar líne: ISOC_EB_AI. Méid an fhiontair : 10 nduine nó níos fostaithe ann

					Intleacht shaorga 7.9 % (2021)
<i>Oideachas agus scileanna</i>					
13	Rannpháirtíocht aosach san oideachas agus san oiliúint gach bliain (mná agus fir)	Suirbhé ar Oideachas Aosach/Suirbhé ar an Lucht Saothair ⁶⁷	Léireofar le rannpháirtíocht mhéadaithe san oiliúint dul chun cinn maith i bhforbairt scileanna le haghaidh iomaíochas inbhuanaithe (sprioc atá leagtha síos i Spriocanna Chruinniú Mullaigh Porto, an Colún Sóisialta).	60 % faoi 2030	37.4 % (2016) ⁶⁸ Bunaithe ar an suirbhé ar oideachas aosach, a rinneadh uair amháin gach 6 bliana.
14	Ráta fostaíochta maidir le haosaigh	Eurostat ⁶⁹	Ciallaíonn rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair níos lú ganntanais saothair, rud a fheabhsaíonn iomaíochas inbhuanaithe (sprioc atá leagtha síos i Spriocanna Chruinniú Mullaigh Porto, an Colún Sóisialta).	78 % faoi 2030	73 % (2021)
15	Speisialtóirí TFC (mná agus fir)	Eurostat ^{70 71}	Leis an táscaire sin, atá ar cheann de spriocanna na Deacáide Digití, tomhaistear dul chun cinn i dtreo lucht saothair dea-thomhaiste atá speisialaithe i bhforbairt agus in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha.	20 milliún faoi 2030	8.5 milliún ⁷² (2021) Céatadán na mban 19.1 % (2021) 17.8 % (2019)
<i>Trádáil agus uathriail straitéiseach oscailte</i>					
16	Trádáil leis an gcuid eile den domhan (mar sciar de	Tuarascáil Bhliantúil ar an	Sreafaí trádála in earraí agus i seirbhísí leis an gcuid eile den domhan mar sciar de OTI	Méadú	21.5 % (2021) 20.2 % (2020) ⁷⁴

⁶⁷ Cuirfear an táscaire seo i bhfeidhm ó 2022 ar aghaidh, agus beidh sonraí ar fáil gach dhá bhliain

⁶⁸ [Circabc \(europa.eu\)](https://circabc.europa.eu) Sonraí DG EMPL ón Suirbhé ar Oideachas Aosach, gan ‘oiliúint threoraithe ar an láthair oibre’ san áireamh

⁶⁹ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://staidreamh.europa.eu) Fostaíocht agus gníomhaíocht de réir inscne agus aoise - sonraí bliantúla. Cód sonraí ar líne: LFSI_EMP_A.

⁷⁰ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://staidreamh.europa.eu) Fostaíodh speisialtóirí TFC, céatadán na fostaíochta iomláine. Cód sonraí ar líne: ISOC_SKS_ITSP

⁷¹ [Staidreamh | Eurostat \(europa.eu\)](https://staidreamh.europa.eu) Fostaíodh speisialtóirí TFC de réir inscne. Cód sonraí ar líne: ISOC_SKS_ITSPS

⁷² Meastachán Bunús leis an ríomh: 189,7 milliún duine fostaíthe in 2021 [Fostaíocht - staidreamh bliantúil - Staidreamh Míniú \(europa.eu\)](https://staidreamh.europa.eu)

	OTI)	Margadh Aonair ⁷³	an Aontais.		
<i>Ualach rialála</i>					
17	Chomh éasca agus atá comhlíonadh rialála	Scórchlár an Mhargaidh Aonair ⁷⁵	Tuiscint an lucht gnó trí fhreagra a thabhairt ar an gceist: ‘I do thír féin, cé chomh éasca agus atá sé do chuideachtaí ceanglais rialacháin agus riaracháin rialtais a chomhlíonadh (e.g. ceadanna, tuairisciú, reachtaíocht)? (1) = Thar a bheith casta; 7 = Fíor-éasca)’ sa suirbhé le haghaidh Innéacs Iomaíochais Dhomhanda an Fhórait Eacnamaíoch Dhomhanda.	Méadú	3.64 (2021) 3.33 (2018)

⁷⁴ Trádáil dhomhanda in earraí agus seirbhísí – forléargas – Staidreamh Mínithe (europa.eu)

⁷³ [ASMR 2023.pdf \(europa.eu\)](#) Fíor 1

⁷⁵ [Riarachán freagrúil agus ualach rialála |Scórchlár an Mhargaidh Aonair \(europa.eu\)](#)